# Eleathanach 407

Dé Luain, an 21 Márta 2022






Físghlaoch arís i mbliana

### Lá Fhéile Pádraig

Is é Naomh Pádraig éarlamh na hÉireann. Bíonn daoine ar fud an domhain ag ceiliúradh Lá Fhéile Pádraig ar an 17 Márta gach bliain.

De ghnáth, bíonn paráidí poiblí, féilte, agus céilithe ann agus caitheann daoine feisteas glas nó seamróga. Bíonn imeachtaí sna Stáit Aontaithe, i gCeanada, san Astráil, an tSeapáin, agus i dtíortha eile chomh maith.

Ó na 1950aidí, tá sé de nós ag ambasadóir nó taoiseach na hÉireann seamróga a thabhairt d'uachtarán Mheiriceá in Washington. Anuraidh, bhuail Micheál Martin le Joe Biden ar físghlaoch.

I mbliana, thaistil Micheál Martin go Washington chun na seamróga a thabhairt don uachtarán. Ar an drochuair, an oíche roimh ré fuair an taoiseach scéal go raibh COVID 19 air. Bhí físchomhrá eile acu ar Lá Fhéile Pádraig, ach seans go mbuailfidh siad le chéile sula dtiocfaidh an taoiseach abhaile.

### An tSraith Náisiúnta Peile

Tá an tSraith Náisiúnta Peile ar siúl faoi láthair. Bhí iontas ar lucht féachana na gcluichí, nuair a chaill Baile Átha Cliath na chéad cheithre chluiche i mbliana.


Bhuaigh siad an tsraith 6 huaire ó 2013, agus mar sin ní raibh aon duine ag siúl leis na torthaí sin ó na cluichí.

Le coicís anuas, tháinig athrú ar an scéal. Bhí an bua acu i gcoinne Thír Eoghain seachtain ó shin. Ansin, bhí an bua acu i gcoinne Dhún na nGall Dé Domhnaigh.

Beidh na cluichí an-suimiúil an deireadh seachtaine seo chugainn, mar tá seans ann go nglacfaidh 5 fhoireann céim síos go rannóg a 2 den tsraith. Tá Baile Átha Cliath san áit dheireanach i rannóg a 1, ach tá Dún na nGall, Tír Eoghain, Cill Dara agus Muineachán i mbaol freisin.

Allianz LEAGUES GAA

ÁTH CLIATH





### Toirtís: speiceas nua aimsithe!

Tá a lán ainmhithe ar na hOileáin Galápagos agus níl siad ar fáil in aon áit eile. Is Láithreán Oidhreachta Domhanda UNESCO iad na hoileáin, agus tá sé an-tábhachtach aire a thabhairt dóibh.

Sa 19ú haois, rinne Charles Darwin an-chuid taighde ar na hoileáin, ag féachaint ar na hainmhithe agus ar an timpeallacht.

Le déanaí, thug taighdeoirí faoi deara go bhfuil DNA difriúil ag na toirtísí atá ar na hoileáin anois, i gcomparáid leis an DNA a bhí ag na toirtísí in 1906.

Tá na taighdeoirí chun níos mó staidéir a dhéanamh ar an ngaol idir na toirtísí agus más gá beidh orthu ainm nua a chumadh don speiceas atá ann anois.

Ollscoil Mhá Nuad

Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,

Coláiste Mhuire, BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta